GAELSCOIL RIADA
Gaeilge Le Chéile
• Comhoideacheas • Co-Educational
• Ilchreidmheach • Multi-Denominational
(091) 850638
www.gaelscoilriada.com

# FÓGRA BLIANTÚIL

## MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH i dtaca le ligean isteach i scoilbhliain 2026/2027

## Rang Speisialta do pháistí le huathachas

Bhunaigh Gaelscoil Riada le cead ón Aire Oideachais agus Óige, rang chun oideachas a chur ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil uathachas acu.

**Tá leanaí agus daoine óga incháilithe chun rollú i rang speisialta le haghaidh uathachas nuair a chuirtear an méid seo a leanas ar fáil mar thaca le hiarratas dá leithéid:**

- Tuarascáil ghairmiúil (tuarascálacha gairmiúla) ina leagtar amach:
  Diagnóis ar riachtanais speisialta oideachais (m.sh. Uathachas: DSM IV/V nó ICD 10/11 (síceolaí, síciatraí, tuarascáil ildisciplíneach).

AGUS

- Léiriú ar an tuiscint ar chastacht leibhéal foriomlán riachtanas/riachtanais an linbh arna léiriú sna tuarascálacha gairmiúla.

AGUS

- I bhfianaise dhéine nó chastacht riachtanais tacaíochta an linbh, is é an rud is oiriúnaí chun freastal ar riachtanais an linbh ar an mbealach is fearr moladh gairmiúil soiléir maidir leis an gcineál socrúcháin oideachais mar aon leis an réasúnaíocht leis sin.

AGUS

- Litir ón CNOS ina ndeimhnítear go bhfuil aithne acu ar an leanbh agus go bhfuil an diagnóis agus an moladh riachtanach ag an leanbh le haghaidh rang speisialta do uathachas.

**NB - Ní mór an méid thuas a chur isteach leis an iarratas ar áit scoile.**

## Polasaí um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais

Tá cóip de Pholasaí na scoile um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais um Ligean Isteach do 2026-27 ar fáil mar seo a leanas:

**Polasaí na scoile un Ligean Isteach** ag: www.gaelscoilriada.com

**Foirm Iarratais un Ligean Isteach** ag https://www.databizsolutions.ie/AdmissionForm
(Uimhir rolla na scoile: 20237T)

**Ar iarratas:** Ach ríomhphost a chur chuig runai@gaelscoilriada.com nó scríobh chuig **Gaelscoil Riada, Northgate Street, Baile Átha an Rí. H65YP95**

## CUID 1 - Dátaí Iarratais agus Cinnidh i gcomhair ligean isteach in 2026-27

Is iad seo a leanas na dátaí is infheidhme maidir le ligean isteach sna Naíonáin Bheaga

| | |
|---|---|
| Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar | **01/05/2026** |
| Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar | **18/05/2026** |
| Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná | **26/05/2026** |
| Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná* | **05/06/2026** |

**Nóta:** *Measfaidh an scoil iarratais dhéanacha agus eiseoidh cinntí orthu de réir polasaí iontrála na scoile.*Mura nglactar le tairiscint taobh istigh den am atá leagtha síos thuas, d'fhéadfaí an tairiscint a tharraingt siar*

### Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil in 2026-2027

| | |
|---|---|
| Is é líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sa Rang Speisialta Uathachais | **6** |